Parlaimint na hEorpa
2024 - 2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2024/2108(INI)

27.6.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar chur chun feidhme an Chomhaontuithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe
(2024/2108(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Idoia Mendia

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha agus don Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar na coistí atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh cinnidh
Lua 18 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú le hAirteagal 8(1)(p) den Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ***an 10 Márta 2023 a mhéid a bhaineann le húsáid an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta chun sonraí a tharchur idir institiúidí nó comhlachtaí idirchaidrimh[1a],***

[1a] **IO L 91, 29.3.2023, lch. 89,** ***ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L:2023:091:TOC.***

Leasú 2

Togra le haghaidh cinnidh
Lua 18 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chinneadh Uimh. 2/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú le hAirteagal 8(1)(p) den Comhaontú Trádála agus Comhair idir

	an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 28 Meitheamh 2023 a mhéid a bhaineann le hainmniú na hinstitiúide airgeadais a fheidhmeoidh mar thagairt chun an ráta úis le haghaidh íocaíochtaí déanacha agus an ráta malairte le haghaidh comhshó airgeadra a chinneadh, chomh maith leis an dáta atá le cur san áireamh chun rátaí comhshó airgeadra a chinneadh[1a],
	[1a] IO L 179, 14.7.2023, lch. 147, *ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L:2023:179:TOC*.

Leasú 3

Togra le haghaidh cinnidh
Lua 20 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don doiciméad toraidh ón gcruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 19 Bealtaine 2025, dar teideal 'A renewed agenda for European Union – United Kingdom cooperation Common Understanding' [Clár oibre athnuaite don Chomhthuiscint idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe],

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
A. de bhrí go bhfuil staid slándála	A. de bhrí go bhfuil staid slándála

dhomhanda atá ag dul i méid os comhair AE agus na Ríochta Aontaithe, mar chuid den mhór-roinn chéanna agus atá faoi cheangal ag luachanna comhroinnte, staid ina bhfuil teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid; de bhrí gur léirigh siad go bhfuil rún daingean polaitiúil acu oibriú le chéile agus leanúint de bheith ina gcomhpháirtithe láidre chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus ar bhagairtí slándála, go háirithe maidir le tacú leis an Úcráin í féin a chosaint i gcoinne fhogha na Rúise;	dhomhanda atá ag dul i méid os comhair AE agus na Ríochta Aontaithe, mar chuid den mhór-roinn chéanna agus atá faoi cheangal ag luachanna comhroinnte, staid ina bhfuil teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid; de bhrí gur léirigh siad go bhfuil rún daingean polaitiúil acu oibriú le chéile agus leanúint de bheith ina gcomhpháirtithe láidre chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus ar bhagairtí slándála, go háirithe maidir le tacú leis an Úcráin í féin a chosaint i gcoinne fhogha na Rúise; ***de bhrí go bhfuil comhar níos dlúithe idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe atá bunaithe ar an intuarthacht agus ar an struchtúr dá bhforáiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair níos riachtanaí ná riamh chun leasanna frithpháirteacha a chosaint agus chun athléimneacht a fheabhsú;***

Leasú 5

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris J

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
J. de bhrí go meastar go dtabharfaidh an chéad Chruinniú Mullaigh idir AE agus an Ríocht Aontaithe, atá beartaithe don 19 Bealtaine 2025, spreagadh chun deiseanna a fhiosrú chun an chomhpháirtíocht idir AE agus an Ríocht Aontaithe a dhoimhniú ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, agus gur dócha go mbeidh an tslándáil agus an chosaint ina phríomhréimse fócais;	***scriosta***

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
K. de bhrí go dtéann tábhacht na trédhearcachta sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta chun tairbhe na ngeallsealbhóirí agus na bpáirtithe uile; de bhrí ***gur díol sásaimh é*** timpeallacht tráchtála intuartha lena gcothaítear trádáil agus infheistíocht idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe;	K. de bhrí go dtéann tábhacht na trédhearcachta sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta chun tairbhe na ngeallsealbhóirí agus na bpáirtithe uile; de bhrí ***go bhfuil sé ríthábhachtach*** timpeallacht tráchtála intuartha ***a bheith ann*** lena gcothaítear trádáil agus infheistíocht idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe***, agus as a dtagann fás agus fostaíocht***;

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris N

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
N. de bhrí go gcuireann an Ríocht Aontaithe a córas urraíochta le haghaidh víosaí oibre i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhíse AE, agus mar thoradh air sin, gur gá d'fhostóir de chuid na Ríochta Aontaithe atá ag iarraidh oibrí AE a fhostú a bheith ceadúnaithe ag Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe agus deimhniú urraíochta a shannadh ansin d'oibrí AE, agus go n-íocann sé táillí chun go mbeidh an t-oibrí sin in ann iarratas a dhéanamh ar víosa (***le*** táillí breise);	N. de bhrí go gcuireann an Ríocht Aontaithe a córas urraíochta le haghaidh víosaí oibre i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhíse AE, agus mar thoradh air sin, gur gá d'fhostóir de chuid na Ríochta Aontaithe atá ag iarraidh oibrí AE a fhostú a bheith ceadúnaithe ag Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe agus deimhniú urraíochta a shannadh ansin d'oibrí AE, agus go n-íocann sé táillí chun go mbeidh an t-oibrí sin in ann iarratas a dhéanamh ar víosa (***i gcás ina ngearrtar*** táillí breise ***ar an oibrí freisin***);

Leasú 8

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris R a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ra. de bhrí go bhforáiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le comhordú slándála sóisialta chun cearta slándála sóisialta na ndaoine a ghluaiseann idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis an 1 Eanáir 2021

	a chosaint; de bhrí go bhforáiltear leis chomh maith do chothrom na Féinne chun iomaíocht chóir a áirithiú trí ardleibhéil chosanta a chaomhnú i roinnt réimsí, lena n-áirítear cearta sóisialta agus saothair, le forfheidhmiú ceangailteach agus sásraí um réiteach díospóidí chun comhlíonadh a áirithiú;

Leasú 9

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris R b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Rb. de bhrí go bhfuil na cearta bunúsacha chun eagrú, chun cómhargáil a dhéanamh agus chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh cumhdaithe sa dlí idirnáisiúnta agus go bhfuil siad bunriachtanach chun forbairt inbhuanaithe agus cothrom na Féinne a áirithiú, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair;

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris R c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Rc. de bhrí gur tugadh formheas ríoga d'Acht na Ríochta Aontaithe um Dhlí Coinnithe an Aontais 2023 (Cúlghairm agus Athchóiriú) an 29 Meitheamh 2023; de bhrí gur cúlghaireadh leis an Acht sin dlíthe coinnithe áirithe de chuid an Aontais faoi dheireadh 2023 agus gur baineadh an stádas speisialta a bhí ag gach dlí coinnithe de chuid an Aontais i ndlíchóras na Ríochta Aontaithe; de bhrí gur tarmligeadh cumhachtaí suntasacha chuig údaráis na Ríochta Aontaithe leis an acht chun dlíthe coinnithe de chuid an Aontais a chúlghairm, a leasú nó a

mhodhnú;

Leasú 11

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris R d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Rd. de bhrí gur ceart bunúsach san Aontas í an tsaorghluaiseacht oibrithe; de bhrí go bhfuil teist sheanbhunaithe ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le soghluaisteacht oibrithe agus mac léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna; de bhrí gur uirlis thábhachtach é Erasmus+ le fada an lá i ndáil leis an méid sin; de bhrí gur díol sásaimh é an comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe chun oibriú i dtreo chomhlachas na Ríochta Aontaithe leis an gclár Erasmus+ chun deiseanna oideachais, gairmiúla agus cultúrtha a leathnú don aos óg; de bhrí go bhféadfaí cuidiú le dul i ngleic le ganntanais lucht saothair trí fheabhas a chur ar shoghluaisteacht oibrithe idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe; de bhrí go bhfuil gá le comhaontú soghluaisteachta cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe lena n-áirithítear cosaint ceart oibrithe agus gluaiseacht trasteorann oibrithe;

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. á chur i bhfios go láidir go bhfuil staid shonrach ag Tuaisceart Éireann, mar gheall ar a sheasamh uathúil le rochtain ar mhargaí inmheánacha AE agus na Ríochta Aontaithe araon, mar thoradh ar an	7. á chur i bhfios go láidir go bhfuil staid shonrach ag Tuaisceart Éireann, mar gheall ar a sheasamh uathúil le rochtain ar mhargaí inmheánacha AE agus na Ríochta Aontaithe araon, mar thoradh ar an

bPrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann, a tugadh i gcrích chun Comhaontú Aoine an Chéasta a choimirciú in ainneoin tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE; á iarraidh go ndéanfaí gnéithe uile Chreat Windsor a chur chun feidhme go hiomlán, go tráthúil agus go dílis chun tairbhí marthanacha a áirithiú chomh maith le deimhneacht agus intuarthacht do ghnólachtaí agus do dhaoine i dTuaisceart Éireann, an geilleagar uile-oileáin a chosaint, gach gné de Chomhaontú Aoine an Chéasta a choimirciú, agus trádáil agus comhar rianúil a áirithiú, chomh maith le sláine an mhargaidh aonair agus an Aontais Custaim a chosaint; á mheabhrú gur fhreagair an tAontas go tapa chun Creat Windsor a chur chun feidhme agus ag dréim leis anois go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe a cuid de a chur chun feidhme go tráthúil;	bPrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann, a tugadh i gcrích chun Comhaontú Aoine an Chéasta a choimirciú in ainneoin tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE; á iarraidh go ndéanfaí gnéithe uile Chreat Windsor a chur chun feidhme go hiomlán, go tráthúil agus go dílis, ***agus na hoibleagáidí atá cumhdaithe in Airteagal 2 de maidir le neamhlaghdú ar chearta, coimircí agus forálacha comhionannais á gcomhlíonadh,*** chun tairbhí marthanacha a áirithiú chomh maith le deimhneacht agus intuarthacht do ghnólachtaí agus do dhaoine i dTuaisceart Éireann, an geilleagar uile-oileáin a chosaint, gach gné de Chomhaontú Aoine an Chéasta a choimirciú, agus trádáil agus comhar rianúil a áirithiú, chomh maith le sláine an mhargaidh aonair agus an Aontais Custaim a chosaint; á mheabhrú gur fhreagair an tAontas go tapa chun Creat Windsor a chur chun feidhme agus ag dréim leis anois go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe a cuid de a chur chun feidhme go tráthúil;

Leasú 13

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7a. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach gcuirfear aon bhacainn ná srian ar chumas daoine aonair atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn fostaíocht a lorg agus a ghlacadh trasna na teorann, i gcomhréir le prionsabail Chomhaontú Aoine an Chéasta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe trasteorann a chosaint sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear a gcearta sóisialta agus saothair;

Leasú 14

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair; ag cur sonrú san ionadaíocht chothrom i nGrúpa Comhairleach Baile an Aontais agus a mholtaí luachmhara; á iarraidh ar an gComhairle Comhpháirtíochta leanúint de thuairimí éagsúla na sochaí sibhialta a mheas;	13. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair***, lena n-áirítear eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha***; ag cur sonrú san ionadaíocht chothrom i nGrúpa Comhairleach Baile an Aontais agus a mholtaí luachmhara; ***á chur i bhfáth a thábhachtaí atá Fóram na Sochaí Sibhialta i ndáil leis an méid sin;*** á iarraidh ar an gComhairle Comhpháirtíochta leanúint de thuairimí éagsúla na sochaí sibhialta a mheas;

Leasú 15

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 20 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20a. á chur in iúl gur díol sásaimh é an gealltanas a tugadh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an 19 Bealtaine 2025, mar a léirítear sa Chomhthuiscint maidir le clár oibre athnuaite um chomhar AE-RA idir an Coimisiún agus an Ríocht Aontaithe, chun idirphlé struchtúrtha a sheoladh maidir le hiontráil agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó agus aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí gairmiúla faoin gComhaontú Trádála agus Comhair; ag tabhairt chun suntais na mbacainní leanúnacha atá roimh náisiúnaigh de chuid an Aontais agus na Ríochta Aontaithe maidir le rochtain a fháil ar ghairmeacha rialaithe; á chur i bhfáth go bhfuil gá le nósanna imeachta um aithint atá soiléir agus

cuíchóirithe, agus rannpháirtíocht comhlachtaí gairmiúla agus údarás inniúil ar an dá thaobh; á thabhairt dá haire nach bhfuarthas, go dtí seo, ach moladh amháin maidir le socrú féideartha um aitheantas frithpháirteach faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, eadhon socrú i ndáil le gairm na hailtireachta; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Ríocht Aontaithe dlús a chur le cur chun feidhme Airteagal 158 den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus tús áite a thabhairt d'earnálacha breise, amhail cúram sláinte, innealtóireacht, agus seirbhísí dlí agus airgeadais;

Leasú 16

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 20 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20b. á chur in iúl gur díol sásaimh di an dearbhú intinne, i ndiaidh an chruinnithe mullaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, chun oibriú i dtreo scéim chothrom taithí don aos óg d'fhonn rannpháirtíocht daoine óga ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe i ngníomhaíochtaí éagsúla a éascú, amhail obair, staidéar, socrúcháin au-pair, obair dheonach, nó fiú taisteal, ar feadh tréimhse theoranta ama; ag spreagadh an dá pháirtí chun dul ar aghaidh go pras agus go huaillmhianach lena dhearadh agus lena chur chun feidhme, agus rochtain chómhalartach, soiléireacht dhlíthiúil agus cosaint shóisialta iomchuí a áirithiú do rannpháirtithe; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú, i gcás inarb ábhartha, go mbeidh pá agus dálaí oibre cuibhiúla ann do rannpháirtithe in aon scéim taithí don aos óg a bheidh ann amach anseo;

Leasú 17

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 20 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20c. á chur in iúl gur díol sásaimh di, mar an gcéanna, an dearbhú intinne ón gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le hoibriú i dtreo chomhlachas na Ríochta Aontaithe le clár an Aontais Erasmus+; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Ríocht Aontaithe dlús a chur leis an gcaibidlíocht ina leith sin;

Leasú 18

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 21 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21a. á mheabhrú go gceanglaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair go mbeidh cothrom na Féinne ann le haghaidh iomaíocht oscailte agus chóir, agus go ndéanfar trádáil agus infheistíocht ar bhealach atá fabhrach don fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus cosaint an chomhshaoil; á mheabhrú go bhfuil cosaint ceart oibrithe fíor-riachtanach sa chomhthéacs sin, mar a leagtar amach, inter alia, in Airteagail 355, 386, 387, 399 agus 524 den Chomhaontú Trádála agus Comhair; á thabhairt dá haire go bhfuil gealltanas tugtha ag an dá pháirtí faoi Airteagal 355 a gcaighdeáin faoi seach a choinneáil ar bun agus a fheabhsú sna réimsí a chumhdaítear le Teideal XI;

Leasú 19

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 21 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21b. á chur in iúl gur díol sásaimh di na moltaí a leagtar amach i mBille um Chearta Fostaíochta 2024-2025 de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe go leathnófaí cearta comhargála, go soláthrófaí uaireanta ráthaithe d'oibrithe agus go n-aisghairfí an tAcht um Stailceanna (Íosleibhéil Seirbhíse) 2023; á chur in iúl gur díol sásaimh di, i ndáil leis sin, an Bille um Chearta Fostaíochta dar teideal 'Dea-Phoist', arna thabhairt isteach ag riarachán díláraithe Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste, a chomhlíonann caighdeáin an Aontais go hiomlán;

Leasú 20

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 21 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21c. á thabhairt dá haire, maidir le hAcht na Ríochta Aontaithe um Dhlí Coinnithe an Aontais (Cúlghairm agus Athchóiriú) 2023, ina bhfreagra oifigiúil chuig an gCoimisiún agus i sraith cruinnithe teicniúla, gur chuir údaráis na Ríochta Aontaithe in iúl don Choimisiún nach é cuspóir an achta leibhéil chosanta a ísliú i gcúrsaí saothair, i measc réimsí eile, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair; ag iarraidh, áfach, ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an acht chun comhlíonadh a áirithiú, i bhfianaise an chumhachtaithe fhairsing a thugtar d'údaráis na Ríochta Aontaithe chun dlí coinnithe an Aontais a mhodhnú agus ról a cúirteanna maidir le léirmhíniú

reachtaíocht choinnithe an Aontais;

Leasú 21

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 21 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21d. á thabhairt dá haire gur fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2024 go raibh sé ar intinn aige Gníomhaireacht nua um Obair Chóir a bhunú laistigh den Roinn Gnó agus Trádála, chun teacht in ionad comhlachtaí forfheidhmithe stáit atá ann cheana maidir le cosaint saothair;

Leasú 22

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 21 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21e. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta dlúthfhaireachán a dhéanamh ar neamh-chúlchéimniú i gcaighdeáin saothair agus ar fhorbairtí eile a bhaineann le cearta oibrithe sa Ríocht Aontaithe, agus leanúint dá n-iarrachtaí le Rialtas na Ríochta Aontaithe chun comhlíonadh iomlán an Comhaontaithe Trádála agus Comhair a áirithiú; ag iarraidh ar an gCoimisiún gach modh atá ar fáil a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar aon údar imní a d'fhéadfadh a fhágáil gur gá Caibidil 6 de Theideal XI den Chomhaontú Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí idirphlé sa Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta agus sna Coistí Speisialaithe, trí dhul i gcomhairle le Grúpa Chomhairleach Baile an Aontas Eorpaigh agus, i gcás inar gá, trí na sásraí um réiteach

díospóidí dá bhforáiltear faoi Airteagal 389;

Leasú 23

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 21 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21f. ag iarraidh ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe féachaint ar bhealaí chun tuilleadh comhair agus malartú dea-chleachtas a bhaint amach i réimsí an oideachais agus na cosanta sóisialta; ag aithint na hacmhainneachta atá ann le haghaidh comhar frithpháirteach chun feabhas a chur ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú beartas fostaíochta, lena n-áirithítear iomaíocht chóir, fás inbhuanaithe do chuideachtaí agus dálaí oibre cothroma d'oibrithe san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe araon; á mheabhrú go bhfuil fíor-ról ag comhpháirtithe sóisialta maidir le faireachán a dhéanamh ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus maidir lena fhorfheidhmiú, lena n-áirítear an chumhacht gearáin oifigiúla a chur isteach;

Leasú 24

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 21 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21g. á chur in iúl gur díol sásaimh di an comhaontú polaitiúil ar thángthas air i mí an Mheithimh 2025 idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir leis na príomhghnéithe de chomhaontú AE-RA a bheidh ann amach anseo maidir le Giobráltar, agus é mar aidhm aige deireadh a chur leis na bacainní fisiciúla uile, na seiceálacha agus an scagadh do

	dhaoine agus d'earraí idir an Spáinn agus Giobráltar, agus limistéar Schengen, margadh inmheánach an Aontais agus an t-aontas custaim á gcaomhnú an tráth céanna; á chur in iúl gur díol sásaimh di, go háirithe, an rún atá ann cothrom na Féinne a áirithiú i réimse an tsaothair;

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	22a. á chur in iúl gur díol sásaimh di an comhar leanúnach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe laistigh den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), go háirithe maidir le forbairt ionstraime nua atá dírithe ar obair ardán a rialáil;

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 29 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	29a. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé ardchaighdeáin chomhshaoil agus saothair a choinneáil i dtionscadail fuinnimh; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le comhar rialála chun a áirithiú go gcuirfidh tionscnaimh fuinnimh cóineasú aníos chun cinn maidir le cearta oibrithe, sláinte agus sábháilteacht agus cosaint an chomhshaoil;

Leasú 27

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 32 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	32a. á chur in iúl gur díol sásaimh di measúnú an Choimisiúin go raibh an comhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i réimse chomhordú na slándála sóisialta cuiditheach, agus nár sainaithníodh aon fhadhb shistéamach ná struchtúrach in 2023 ná in 2024, agus go bhfuil an dá pháirtí tiomanta d'aon fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ('Prótacal') a réiteach; á thabhairt dá haire gur ghlac an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta dhá chinneadh i ndáil le hoibrithe scoite agus daoine féinfhostaithe agus ag soiléiriú gnéithe airgeadais áirithe; á chur i dtábhacht a thábhachtaí atá Prótacal dinimiciúil, atá ailínithe leis na hathbhreithnithe ar na forálacha Comhordaithe Slándála Sóisialta; á iarraidh go leanfar d'iarrachtaí chun nósanna imeachta a shimpliú, léirmhíniú comhsheasmhach a áirithiú ar fud na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, agus rochtain ar shlándáil shóisialta do shaoránaigh a fheabhsú trí threoraíocht fheabhsaithe, uirlisí digiteacha agus comhar riaracháin;

Leasú 28

Togra le haghaidh cinnidh
Mír 32 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	32b. á thabhairt dá haire go ndearna an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta obair theicniúil ar thopaicí amhail athruithe ar dhoiciméid leictreonacha struchtúrtha agus ar dhoiciméid iompartha, nósanna

	imeachta chun costas sochar breoiteachta a aisíoc, agus trasuí cinntí ábhartha ó Choimisiún Riaracháin an Aontais um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta; ag iarraidh ar an gCoiste dlús a chur lena chuid iarrachtaí agus dul chun cinn follasach a dhéanamh maidir le nósanna imeachta a fheabhsú, léirmhíniú aonfhoirmeach a áirithiú ar fud na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, agus comhordú ceart slándála sóisialta d'oibrithe soghluaiste agus trasteorann a fheabhsú;
Leasú 29	
Tairiscint i gcomhair rúin **Mír 32 c (nua)**	
Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	32c. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dálaí oibre cuibhiúla, cothroma agus sábháilte a áirithiú d'oibrithe séasúracha, go háirithe in earnálacha fíor-riachtanacha amhail talmhaíocht, turasóireacht agus tógáil; ag iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, bunú sásra shonraigh le haghaidh soghluaisteacht oibrithe séasúracha a chur chun cinn, lena n-áirítear caighdeáin choiteanna maidir le fad fostaíochta, rochtain ar shlándáil shóisialta agus cosaint ar dhúshaothrú, le coimircí atá inchomparáide leis na cinn atá leagtha síos i dTreoir 2014/36/AE[1a];
	[1a] Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/36/oj)..

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 32 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	32d. ag iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé pointe teagmhála aonair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a bhunú chun sáruithe ar chearta oibrithe, bacainní ar rochtain ar shochair shóisialta, nó saincheisteanna a bhaineann le haitheantas conarthaí fostaíochta trasteorann a thuairisciú;

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 32 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	32e. á thabhairt dá haire a thábhachtaí agus a luachmhaire atá múnla sóisialta an Aontais agus ag iarraidh ar Rialtas na Ríochta Aontaithe an clásal neamh-chúlchéimnithe a leathnú chuig acquis sóisialta an Aontais ina iomláine;

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
European Trade Union Confederation (ETUC)
IndustriAll European Trade Union

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

FAISNÉIS FAOI GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIME

Dáta an ghlactha	25.6.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 48 –: 7 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Maravillas Abadía Jover, Grégory Allione, Marc Angel, Pascal Arimont, Konstantinos Arvanitis, Nikola Bartůšek, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Rachel Blom, Andrzej Buła, David Casa, Estelle Ceulemans, Leila Chaibi, Per Clausen, Henrik Dahl, Johan Danielsson, Marie Dauchy, Mélanie Disdier, Elena Donazzan, Gheorghe Falcă, Chiara Gemma, Niels Geuking, Isilda Gomes, Alicia Homs Ginel, Sérgio Humberto, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Marit Maij, Marlena Maląg, Jagna Marczułajtis-Walczak, Maria Ohisalo, Branislav Ondruš, Aodhán Ó Ríordáin, Nicola Procaccini, Dennis Radtke, Nela Riehl, Liesbet Sommen, Villy Søvndal, Pál Szekeres, Georgiana Teodorescu, Jana Toom, Raffaele Topo, Francesco Torselli, Brigitte van den Berg, Marie-Pierre Vedrenne, Marianne Vind, Petar Volgin, Jan-Peter Warnke, Séverine Werbrouck
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Regina Doherty, Rosa Estaràs Ferragut, Kathleen Funchion, Rudi Kennes, Hristo Petrov
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mireia Borrás Pabón, Paulo Do Nascimento Cabral

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

48	+
ECR	Elena Donazzan, Chiara Gemma, Marlena Maląg, Nicola Procaccini, Georgiana Teodorescu, Francesco Torselli
NI	Branislav Ondruš, Jan-Peter Warnke
EPP	Maravillas Abadía Jover, Pascal Arimont, Andrzej Buła, David Casa, Henrik Dahl, Regina Doherty, Paulo Do Nascimento Cabral, Rosa Estaràs Ferragut, Gheorghe Falcă, Niels Geuking, Sérgio Humberto, Miriam Lexmann, Jagna Marczułajtis-Walczak, Dennis Radtke, Liesbet Sommen
Renew	Grégory Allione, Hristo Petrov, Jana Toom, Brigitte van den Berg, Marie-Pierre Vedrenne
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa (S&D)	Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Estelle Ceulemans, Johan Danielsson, Isilda Gomes, Alicia Homs Ginel, Marit Maij, Aodhán Ó Ríordáin, Raffaele Topo, Marianne Vind
An Chlé	Konstantinos Arvanitis, Leila Chaibi, Per Clausen, Kathleen Funchion, Rudi Kennes
Na Glasaigh/ALE	Katrin Langensiepen, Maria Ohisalo, Nela Riehl, Villy Søvndal

7	-
PfE	Nikola Bartůšek, Rachel Blom, Mireia Borrás Pabón, Marie Dauchy, Mélanie Disdier, Pál Szekeres, Séverine Werbrouck

1	0
ESN	Petar Volgin

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh ó vótáil